

Comhlachtaí Poiblí faoin Acht

1. [Cad iad na comhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla?](#)
2. [Cén chaoi a dtugtar comhlachtaí poiblí faoin Acht?](#)
3. [Cad is ceart a dhéanamh má tá comhlacht poiblí in amhras go dtagann sé faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla?](#)
4. [Céard a tharlaíonn sa chás gur tháinig comhlacht poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla nuair a achtaíodh é ach go bhfuil an comhlacht poiblí sin comhcheangailte ó shin le comhlacht eile?](#)
5. [Ós rud é go dtagann coistí gairmoideachais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, céard iad na ciallachais do scoileanna atá faoi choimirce na gcoistí gairmoideachais?](#)

1. Cad iad na comhlachtaí a thagann faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla?

Tá liosta de na comhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth an Achta sa Chéad Sceideal den Acht arna leasú ag aon ordú cuí déanta ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

San áireamh ar an liosta de chomhlachtaí poiblí tá:

- Ranna agus oifigí rialtais;
- Údaráis áitiúla;
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal eile agus na coistí gairmoideachais;
- Gníomhaireachtaí, boird agus cuideachtaí stáit (tráchtála agus neamhthráchtála).

Ceadaítear don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhar le hAire cuí eile, an liosta de chomhlachtaí poiblí a leasú, le rialacháin, trí thagairt d'aon chomhlacht poiblí a chur isteach nó a scriosadh.

Ní thagann comhlachtaí príobháideacha go ginearálta faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Is féidir na comhlachtaí, eagraíochtaí nó grúpaí seo a leanas a bheith áirithe mar chomhlachtaí poiblí faoin Acht ach forordú cuí a bheith déanta ag an Aire ina leith:

- Comhlacht, eagraíocht nó grúpa a fhaigheann 50% nó níos mó dá chaiteachas reatha díreach ó Aire Rialtais, ó Roinn Stáit, ón bPríomh-Choiste nó ó chomhlacht poiblí atá faoin Acht.
- Comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bhí ina chomhlacht poiblí nuair a tháinig an tAcht i bhfeidhm ach a tháinig faoi úinéireacht phríobháideach nó rialú príobháideach ina dhiaidh sin.
- Comhlacht, eagraíocht nó grúpa atá ag comhlíonadh feidhmeanna a bhí dílsithe roimhe sin do chomhlacht, eagraíocht nó grúpa faoi úinéireacht phoiblí nó rialú poiblí.
- Comhlacht, eagraíocht nó grúpa eile a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, tugtha nó ceadaithe dó le haon achtacháin nó le haon cheadúnas nó údarás tugtha faoi aon achtachán.

Tá liosta iomlán de na comhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth na reachtaíochta faoi láthair le fáil ar www.coimisineir.ie/comhlachtaipoibli.

[Ar ais](#)

2. Cén chaoi a dtugtar comhlachtaí poiblí faoin Acht?

Tugann an chéad sceideal den Acht liosta de na comhlachtaí poiblí a tháinig faoi scáth na reachtaíochta nuair a achtaíodh é in 2003 ach ceadaítear don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, i gcomhar le hAire cuí eile, an liosta de chomhlachtaí poiblí a leasú le rialacháin trí thagairt d'aon chomhlacht poiblí a chur isteach nó a scriosadh.

Thug an Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh.150 de 2006 comhlachtaí poiblí breise faoi scáth an Achta agus bhain sé amach ón gCéad Sceideal ainmneacha comhlachtaí poiblí nach raibh ann a thuilleadh.

Tá liosta iomlán de na comhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth na reachtaíochta faoi láthair le fáil ar www.coimisineir.ie/comhlachtaipoibli. Tá sé i gceist ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta leasuithe breise a dhéanamh le linn 2009 ar liosta na gcomhlachtaí poiblí a thagann faoin Acht.

[Ar ais](#)

3. Cad is ceart a dhéanamh má tá comhlacht poiblí in amhras go dtagann sé faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla?

Má tá amhras ar chomhlacht poiblí go dtagann sé faoin Acht, ba cheart féachaint ar dtús ar an liosta de chomhlachtaí poiblí atá faoi scáth na reachtaíochta ar www.coimisineir.ie/comhlachtaipoibli.

Mura bhfuil freagra sásúil ansin, is féidir ceist a chur ar Oifig an Choimisinéara Teanga agus beimid sásta an cheist a fhiosrú. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn tríd an ríomhphost ag eolas@coimisineir.ie, ar an bhfón ag 1890 504006 nó tríd an bpost ag Oifig an Choimisinéara Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

[Ar ais](#)

4. Céard a tharlaíonn sa chás gur tháinig comhlacht poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla nuair a achtaíodh é ach go bhfuil an comhlacht poiblí sin comhcheangailte ó shin le comhlacht eile?

Más rud é gur tháinig comhlacht poiblí faoin Acht nuair a achtaíodh é ach go bhfuil sé comhcheangailte ó shin le comhlacht eile, ní chiollaíonn sé sin go dtagann an comhlacht cónasctha úr faoin Acht go huathoibríoch mura raibh foráil éigin i reachtaíocht bhunaidh an chomhlachta a thug le fios go rachadh na dualgais reachtúla a bhí ar an gcomhlacht bunaidh ar aghaidh chuig an gcomhlacht úr.

Tá athruithe ar bun faoi láthair chun cónascadh a dhéanamh idir grúpaí LEADER agus na Boird Chomhpháirtíochta Limistéir agus tá teidil úra á dtabhairt do na comhlachtaí cónasctha nua. Cé go bhfuil sé soiléir ón gCéad Sceideal den Acht go raibh na grúpaí LEADER agus na Boird Chomhpháirtíochta Limistéir faoin Acht, ní hionann sin agus a rá go dtiocfaidh an comhlacht cónasctha úr faoin Acht go huathoibríoch mura raibh foráil éigin ina reachtaíocht bhunaidh nó faoin aontú bunaidh a thug le fios go rachadh na dualgais reachtúla a bhí ar an gcomhlacht bunaidh ar aghaidh chuig an gcomhlacht úr. [Ar ais](#)

5. Ós rud é go dtagann coistí gairmoideachais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, céard iad na ciallachais do scoileanna atá faoi choimirce na gcoistí gairmoideachais?

Más rud é go bhfuil na scoileanna ina sainchuid den choiste gairmoideachais, caithfidh an coiste gairmoideachais a chinntiú go gcuirtear fórlacha an Achta agus na Rialacháin i bhfeidhm sna scoileanna. Ach sa chás gur eintiteas dlíthiúil faoi leith atá sa scoil atá neamhspleách ar an gcoiste gairmoideachais, ní thagann an scoil faoi fórlacha an Achta ná faoi na Rialacháin.

[Ar ais](#)